Comhfhreagras le comhlachtaí poiblí

1. Céard atá riachtanach sa chás go bhfaigheann comhlachtaí poiblí litreacha agus/nó ríomhphoist i nGaeilge?
2. Céard atá riachtanach sa chás go bhfuil teachtaireachtaí uathoibrithe in úsáid ar ríomhphoist ag comhlachtaí poiblí, mar shampla teachtaireachtaí *As an Oifig*?
3. Céard atá riachtanach sa chás go bhfuil comhlachtaí poiblí ag úsáid síniú ríomhphoist le sonraí teagmhála agus/nó séanadh dlí ann?
4. An féidir liom clárú le comhlacht poiblí le cumarsáid a fháil uaidh i nGaeilge?

1. **Céard atá riachtanach sa chás go bhfaigheann comhlachtaí poiblí litreacha agus/nó ríomhphoist i nGaeilge?**

Faoi alt 9(2) den Acht, má scríobhann duine chuig comhlacht poiblí i nGaeilge, trí ríomhphost nó trí litir, tá an duine sin i dteideal freagra a fháil i nGaeilge. Dá bhrí sin, tá dualgas ar na comhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm acu chun déileáil le comhfhreagras i nGaeilge. Níor cheart don tseirbhís Ghaeilge a bheith ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís Bhéarla. Tá feidhm leis an dualgas seo faoin Acht sa chás go bhfuil an comhfhreagras tionscanta ag an duine leis an gcomhlacht poiblí. Ní bhaineann sé le cás ina bhfuil an comhfhreagras tionscanta ag an gcomhlacht poiblí.

Ach má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le comhfhreagras i nGaeilge le daoine atá cláraithe lena aghaidh sin leis an gcomhlacht poiblí, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil sin a chomhlíonadh agus comhfhreagras a dhéanamh leis na daoine sin i nGaeilge. Tá an gealltanas reachtúil seo ann is cuma cé acu ar thionscain an duine nó an comhlacht poiblí an comhfhreagras ós rud é go bhfuil an duine cláraithe leis an gcomhlacht poiblí do chomhfhreagras i nGaeilge.
Ar ais

2. **Céard atá riachtanach sa chás go bhfuil teachtaireachtaí uathoibrithe in úsáid ar ríomhphoist ag comhlachtaí poiblí, mar shampla teachtaireachtaí *As an Oifig*?**

Faoi alt 9(2) den Acht, má scríobhann duine chuig comhlacht poiblí i nGaeilge, tá an duine sin i dteideal freagra a fháil i nGaeilge. Má bhaineann comhlacht poiblí leas as teachtaireachtaí uathoibrithe, áit a bhfuil siad ag súil comhfhreagras trí ríomhphost a fháil i nGaeilge agus i mBéarla, ba chóir leas a bhaint as teachtaireacht dhátheangach *As an Oifig*. D'fhéadfaí leas a bhaint as freagra caighdeánach réamhullmhaithe *As an Oifig* arbh fhéidir é a leasú go héasca ag úsáid uimhreacha do na dátaí a bheadh i gceist.
Ar ais

3. **Céard atá riachtanach sa chás go bhfuil comhlachtaí poiblí ag úsáid síniú ríomhphoist le sonraí teagmhála agus/nó séanadh dlí ann?**

Ní thagann eolas atá mar chuid de bhuntásca ar ríomhphoist san áireamh faoi dhualgais dhíreacha an Achta ná faoi na Rialacháin. Dá bhrí sin, níl aon dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht ná faoi na Rialacháin an t-eolas seo a sholáthar go dátheangach nó i nGaeilge amháin.

Ach má tá scéim teanga daingnithe ag comhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir leis an eolas atá mar chuid de bhuntásca ar ríomhphoist, caithfidh an comhlacht poiblí an gealltanas reachtúil sin a chomhlíonadh agus an síniú leictreonach le sonraí teagmhála an chomhlachta phoiblí agus an séanadh dlí a fhoilsiú go dátheangach nó i nGaeilge amháin de réir a scéime.
Ar ais

4. **An féidir liom clárú le comhlacht poiblí le cumarsáid a fháil uaidh i nGaeilge?**

Braitheann sé. Níl foráil ghinearálta i gceist anseo faoin Acht ach is féidir leat clárú le comhlacht poiblí le cumarsáid a fháil uaidh i nGaeilge má tá scéim teanga daingnithe ag an gcomhlacht poiblí agus má tá gealltanais tugtha sa scéim teanga maidir le comhfhreagras a dhéanamh i nGaeilge le daoine atá cláraithe lena aghaidh sin leis an gcomhlacht poiblí.

Má tá tú cláraithe le comhlacht poiblí le cumarsáid a fháil uaidh i nGaeilge, tá dualgas ar an gcomhlacht poiblí sin faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla cumarsáid a dhéanamh leat i nGaeilge. Tá an gealltanas reachtúil seo ann is cuma cé acu ar thionscain tusa nó an comhlacht poiblí an comhfhreagras ós rud é go bhfuil tusa cláraithe leis an gcomhlacht poiblí do chomhfhreagras i nGaeilge.

Tá cóipeanna de na scéimeanna teanga atá daingnithe go dtí seo le fáil ar www.coimisineir.ie/sceimeanna.

Ar ais